C/2026/5560

27.10.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2378 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle, lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo

(C/2026/5560)

Dírítear aird na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2378 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle ([3]) lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tar éis do Chomhairle an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas a ainmníodh sna hIarscríbhinní thuasluaite, chinn sí gur cheart na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/1693 agus i Rialachán (AE) 2016/1686 leanúint d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine, na grúpaí, na gnóthais agus na heintitis sin.

Cuirtear in iúl do na daoine, do na grúpaí, do na gnóthais agus do na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais riachtanacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

Féadfaidh na daoine, na grúpaí, na gnóthais agus na heintitis lena mbaineann an ráiteas ar chúiseanna maidir lena n-ainm a chur agus a choimeád ar an liosta thuasluaite a iarraidh. Ba cheart aon iarraidh den chineál sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Féadfaidh na daoine, na grúpaí, na gnóthais agus na heintitis lena mbaineann, tráth ar bith, iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad maidir lena n-ainm a chur ar an liosta, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh thuasluaite. I ndáil leis sin, dírítear aird na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas lena mbaineann ar an athbhreithniú rialta a dhéanfaidh an Chomhairle ar an liosta de réir Airteagal 6(2) de Chinneadh (CBES) 2016/1693 agus Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2016/1686. Chun gur féidir iarrataí a mheas faoin gcéad athbhreithniú eile, ní mór iad a thíolacadh faoin **30 Aibreán 2027.**

Ina theannta sin, cuirtear in iúl do na daoine, do na grúpaí, do na gnóthas agus do na heintitis lena mbaineann gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1693/oj.
([2]) IO L, 2026/2378, 27.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2378/oj.
([3]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1686/oj.